An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Nuachtlitir ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Fáilte chuig **Eagrán an Mhárta** 2026 agus an **22ú foilseachán** de nuachtlitir na Roinne Oideachais agus Óige maidir le h**Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)**. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo siúd go léir a bhí páirteach ann. Tá siúl againn go mbainfidh tú taitneamh as an eagrán seo agus go bhfaighidh tú inspioráid, smaointe agus naisc agus acmhainní úsáideacha chun cabhrú leat do pháirt a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe.

Is féidir leat seaneagráin na nuachtlitreach a léamh anseo agus clárú chun é a fháil go díreach i do bhosca isteach gach ráithe!

## OFI i Scoileanna – déan do scéal a roinnt

I rith na scoilbhliana 2025/26 leagaimid béim ar **Ghníomhaíocht ar Leibhéal an Phobail Áitiúil ar son na forbartha inbhuanaithe** a chur chun cinn, mar sin de, má bhíonn do scoil ag comhoibriú le grúpa sa phobal áitiúil ó thaobh ghníomhaíocht OFI de agus ba mhaith leat sin a roinnt sa Nuachtlitir OFI, déan teagmháil linn, le do thoil, trí ríomhphost a chur chuig ESD@education.gov.ie. Gheobhaidh do scoil **dearbhán €500 One-For-All** ón Roinn Oideachais agus Óige, má fhoilsímid d’alt!

## Clár Ábhar


Clár Ábhar ........ 2
1. An tEolas is Déanaí maidir le OFI go 2030 ........ 4
a. Fóram Bliantúil Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara OFI 2025 ........ 4
b. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil ........ 4
c. OFI agus An tEolas is Déanaí maidir le Braislí Cruthaitheacha ........ 4
d. Póstaeir agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna ........ 5
2. An tEolas is Déanaí maidir le Scoileanna ........ 6
a. An tEolas is Déanaí maidir le OFI i Scoileanna ........ 6
OFI ag Scoil Náisiúnta Bhaile Shonnáin, Co. Chill Dara ........ 6
OFI ag Coláiste na mBráithre Críostaí, Cill Chainnigh ........ 7
3. NUA: Rannóg na hÓige ........ 9
a. Ar mhaith leat ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar an nGrúpa Stiúrtha ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) d'Ardán OFI na nÓg? Tá Léirithe Spéise á lorg againn. ........ 9
b. Gairm Chun Gnímh an Chéad Ghlúin Eile ........ 10
c. Scoil Dhairbhre – Coiste na Scoile Glaise ........ 11
d. Grúpa Cósta Fhánada & Pobalscoil Loreto Bhaile na nGallóglach ........ 12
4. Comórtais ........ 14
a. Comórtais na Nuachtlitreach OFI Mhí na Nollag – Buaiteoirí ........ 14
b. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí an Mhárta – SFI 16, Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre ........ 15
c. Comórtas ar Thuras Ranga – Zú Bhaile Átha Cliath ........ 16
d. Buaiteoir gradaim OFI ag *Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe* 2026 ........ 18
e. Comórtas Comhshaolaí Óg ........ 20
5. Cláir agus Acmhainní ........ 22
a. An tEolas is deireanaí faoin mBithéagsúlacht i Scoileanna ........ 22
b. Gníomhaíocht an Óige agus Acmhainní i nGaeilge ........ 23
c. Acmhainn SLí nua – Ceannaireacht ar son na hAeráide a Chruthú do bhunscoileanna, Treoirleabhar do mhúinteoirí ........ 24
d. Scoil Shaoránachta Domhanda ........ 25
e. Campaí Samhraidh ÉICEA-UNESCO ........ 26
f. Gradaim Ár nDomhain ........ 27

g. Oideachas ar son na hInbhuanaitheachta ... 28
h. An tAonad Athaimsithe – Tacar digiteach ETIM/ OFI! ... 29
i. Acmhainní Leabharlanna na hÉireann ... 30
j. Caoga Imir níos Glaise ... 31
k. Ar Muir agus ar Tír ... 32
l. COGG: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta ... 33
6. Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí/ FGL ... 35
a. Ciorclán maidir le hAisíoc na dTáillí le Múinteoirí Nua ... 35
b. Oide - OFI agus Ceannaireacht ... 35
c. Oide ag Spreagadh an Athraithe: Turas scoile amháin le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ... 36
d. ÉICEA-EOECNA ... 37
e. Gréasán Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann ... 38
7. Scéalta Breisoideachais agus Ardoideachais ... 40
a. Scéatla agus Nuashonruithe ón ÚAO ... 40
b. OT Bhaile Átha Cliatha - Céad Chomhdháil Náisiúnta na Mac Léinn um Thaighde ar an Inbhuanaitheacht ... 40
c. STAND ... 41
8. Nuashonruithe Idirnáisiúnta ... 44
a. Coimisiún Eorpach – Meitheal na Scoileanna maidir le Foghlaim ar son na hInbhuanaitheachta ... 44
b. Gradam na Seapáine EOECNA maidir le hOideachas ar son na Forbartha Inbhuanaithe ... 44
c. COP30: Lorgaíonn EOECNA beart práinneach chun dlús a chur le scoileanna glasa ... 45
9. Scéala Eile ... 47
a. Trí Ghníomh Simplí – SFI 16 – Síochán, Ceartas agus Institiúidí Láidre 47
b. Tá Cuspóir Chrann Taca 1, “Scoileanna Glasaithe”, Chomhpháirtíocht an Oideachais Ghlasaithe de chuid EOECNA bainte amach ag Éirinn trí Chláir na nGlas-scoileanna agus an Ghlaschampais de chuid An Taisce ... 47
c. Innéacs maidir le Dul Chun Cinn Inbhuanaithe 2026 - Ceartas Sóisialta Éireann ... 49

# 1. An tEolas is Déanaí maidir le OFI go 2030



## a. Fóram Bliantúil Náisiúnta na bPáirtithe Leasmhara OFI 2025

Tá an tuarascáil ar an 10ú Fóram Náisiúnta um Pháirtithe Leasmhara OFI a tionóladh ar an 29 Deireadh Fómhair 2025 in Ollscoil Mhá Nuad foilsithe anois ar leathanach gréasáin OFI go 2030.

Is féidir leat é a léamh anseo: [Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe]

## b. Ráitis maidir le Beartas Inbhuanaitheachta Scoileanna - Léarscáil

Buíochas leis na scoileanna a chuir naisc chugainn le Léarscáil na Ráiteas maidir le Beartas Inbhuanaitheachta a bheimid ag uasdátú i gcaitheamh na seachtainí atá amach romhainn.

Seiceáil má tá do scoil ar an léarscáil, agus mura bhfuil sí, cuir an nasc le do Ráiteas maidir le Beartas Inbhuanaitheachta i r-phost chuig (ESD@education.gov.ie) le cur san áireamh: Beartas Inbhuanaitheachta na Scoile

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## c. OFI agus An tEolas is Déanaí maidir le Braislí Cruthaitheacha

Tá físeán de Bhraisle Chruthaitheach ar théama OFI roinnte ag an bhfoireann Náisiúnta Ealaíon san Oideachas atá lonnaithe i dTrá Lí. Léiríonn an físeán seo an t-idirnasc agus na sineirgí féideartha idir Óige Ildánach agus Straitéisí OFI.

Rinne scoláirí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta (MOSnna) agus cleachtóirí cruthaitheacha a ghlac páirt in dhá Bhraisle Chruthaitheacha ar leithligh iniúchadh ar cholúin inbhuanaitheachta éagsúla faoi chlár Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) EOECNA.

Tacaíodh le scoileanna laistigh den dá Bhraisle Chruthaitheach seo ag Ionaid Tacaíochta Oideachais Luimnigh agus an Chláir chun dúshláin inbhuanaitheachta a iniúchadh lena bpobail uathúla. Phléigh siad bealaí inar féidir leo gníomhú ar bhealach eolasach agus fiúntach ar son domhain chóir agus inbhuanaithe.

Téigh chuig an gcainéal YouTube ag na hEalaíona Náisiúnta san Oideachas (ENO) chun amharc ar: Braislí Cruthaitheacha - Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Comhghairdeas ó chroí leis an dá Bhraisle Chruthaitheacha a bhí páirteach i léiriú bhur n-éachtaí iontacha.

**Braisle Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir**

Éascaitheoir: Ana Colomer

Príomhscoil: Scoil na mBuachaillí, Cill Dalua, Cill Dalua, Co. an Chláir

Scoil 2: Coláiste Phobal Naomh Áine, Cill Dalua, Co. an Chláir

Scoil 3: Scoil Náisiúnta Áth Leathan agus Chill Dalua, Áth Leathan, Co. an Chláir

**Braisle Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh**

Éascaitheoir: Noelle Gleeson

Príomhscoil: Scoil an Teaghlaigh Naofa do na Bodhair, an Chabrach, Co. Bhaile Átha Cliath

Scoil 2: Scoil Lár an Iarthair do na Bodhair, Co. Luimnigh

Scoil 3: Pobalscoil Bhaile an Easpaig, Baile an Easpaig, Co. Chorcaí

*A ndearnadh scannánú air in 2024*

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## d. Póstaeir agus Bileoga Faisnéise SFI do Scoileanna

D'eisigh an roinn dhá chóip de phóstaer de na **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe** chuig gach scoil i Meán Fómhair 2022, chomh maith le bileog ar a bhfuil faisnéis faoi **Straitéis Náisiúnta na hÉireann maidir leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: OFI go 2030**, agus conas teacht ar acmhainní do scoileanna.

Má tá cóipeanna breise den phóstaer nó den bhileog ag teastáil uait, cuir r-phost chuig ESD@education.gov.ie, le do thoil.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

# 2. An tEolas is Déanaí maidir le Scoileanna

## a. An tEolas is Déanaí maidir le OFI i Scoileanna

**Nóta an Eagarthóra:** Gabhaimid buíochas ó chroí leis na scoileanna go léir a chuir an t-eolas is déanaí maidir lena ngníomhaíochtaí go léir ar son OFI isteach chugainn. Tá sárobair ar bun ar fud na tíre. Ar an drochuair, ní féidir linn gach aighneacht a chur sa Nuachtlitir OFI ach seo dhá shampla iontacha:

## OFI ag Scoil Náisiúnta Bhaile Shonnáin, Co. Chill Dara

I Scoil Náisiúnta Bhaile Shonnáin, cuireann Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) ar chumas daltaí tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag a ngníomhartha laethúla ar an domhan go háitiúil agus go domhanda. I mbliana, is ar an bhFuinneamh atáimid ag díriú inár Scoileanna Glasa, agus naisc láidre aige le domhandú agus le saoránacht dhomhanda.

Cuireann daltaí caomhnú fuinnimh chun cinn ar bhonn gníomhach ar fud na scoile. Cinntíonn Monatóirí Fuinnimh Seomra Ranga go múchtar soilse, cláir bhána idirghníomhacha, teilgeoirí agus luchtairí nuair nach bhfuil siad in úsáid. Tugann na ranganna tús áite do sholas nádúrtha an lae agus comhlánaíonn siad seicliosta fuinnimh simplí ag deireadh an lae.

Tá foghlaim fuinnimh comhtháite ar fud OSIE (Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta). Déanann na daltaí iniúchadh ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus neamh-inathnuaite, scrúdaíonn siad an áit as a dtagann fuinneamh, agus tuigeann siad cén fáth a bhfuil caomhnú tábhachtach. Trí thurgnaimh, leabhair scéalta agus plé, foghlaimíonn siad conas a nascann úsáid fuinnimh in Éirinn le daoine agus timpeallachtaí ar fud an domhain.

I measc na dtionscnamh scoile uile tá Feachtas Múchta faoi stiúir na ndaltaí, Uair Gan Chumhacht, agus Cairt Úsáide Fuinnimh chun dul chun cinn seachtainiúil a rianú agus feabhsuithe a cheiliúradh. Cuireann na tionscnaimh sin obair foirne agus freagracht chomhroinnte chun cinn. Tacaíonn foghlaim lasmuigh lenár spriocanna tuilleadh trí shosanna gluaiseachta, ceachtanna lasmuigh agus rannpháirtíocht i Laethanta Siúl ar Scoil go léir a éascú.

Reáchtálann Foireann Fuinnimh ár gCoiste Glas iniúchtaí fuinnimh rialta, cuireann siad torthaí i láthair ag tionóil agus spreagann siad gach rang chun Gealltanais Fuinnimh a dhéanamh. Bíonn teaghlaigh páirteach freisin trí nuachtlitreacha a léamh agus tabhairt faoi dhúshláin bhaile, rud a neartaíonn an teachtaireacht gur féidir le gníomhartha beaga difríocht mhór a dhéanamh. Glacann daltaí páirt i gceardlanna le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Bright Eyes chomh maith, rud a chuireann le tuiscint níos doimhne a fháil ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar roghanna fuinnimh inbhuanaithe.

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh do chách ag Scoil Náisiúnta Bhaile Shonnáin - coinnígí oraibh leis an obair mhaith! Fuarthas maoiniú don tionscadal seo ó mhaoiniú OFI go 2030 d'eagraíochtaí. Tá dearbhán €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## OFI ag Coláiste na mBráithre Críostaí, Cill Chainnigh

### Daoine Óga ag Gníomhú: Stad Amháin Níos Gaire don Iompar Inbhuanaithe

Tá scoláirí i gColáiste na mBráithre Críostaí, Cill Chainnigh, i gceannas ar fheachtas inbhuanaitheachta faoi láthair a chuireann daoine óga i gcroílár gníomhaíochta ar son na haeráide áitiúla agus na rannpháirtíochta sibhialta. Is tionscnamh faoi stiúir scoláirí é Feachtas Stad Amháin Níos Gaire 2026 a thacaíonn le stad bus chathair Chill Chainnigh a bhogadh níos gaire don scoil, rud a laghdódh spleáchas ar ghluaisteáin agus a thacódh le taisteal níos inbhuanaithe chuig an scoil agus ar ais.

Tá an feachtas á chur chun cinn ag comhoibriú traschuraclaim idir Scoileanna Glasa agus scoláirí Polaitíochta agus Caidrimh Phoiblí na hIdirbhliana. Trí shonraí a bhailiú, teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus a gcuid tuairimí a roinnt, tá scoláirí ag cur foghlaim ranga i bhfeidhm ar dhúshlán inbhuanaitheachta fíorshaoil a mbíonn tionchar díreach aige ar a saol laethúil. Rinne scoláirí suirbhé ar thuismitheoirí agus ar scoláirí araon chun fianaise a bhailiú ar phatrúin iompair agus chun aird a tharraingt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag stad bus níos gaire. Bhuail siad le hionadaithe scoláirí ó mheánscoileanna áitiúla eile freisin chun a dtuairimí a fháil. Leis sin, cinntítear go bhfuil a dtogra bunaithe ar thaighde, ar thaithí shaoil agus ar ghlór an phobail.

Mar chuid den fheachtas, tá litir fhoirmiúil dréachtaithe ag scoláirí chuig Comhairle Contae Chill Chainnigh agus tá siad i mbun oibre go gníomhach le hionadaithe tofa áitiúla. Cuireann na gníomhartha seo deiseanna fiúntacha ar fáil do scoláirí chun saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht dhaonlathach a chleachtadh, agus muinín á forbairt acu ag an am céanna chun abhcóideacht a dhéanamh ar son athraithe ag an leibhéal áitiúil.

Is sampla láidir é an tionscadal seo d'Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) i mbun gnímh. Tá scoláirí ag forbairt inniúlachtaí tábhachtacha amhail smaointeoireacht chriticiúil, comhoibriú, cumarsáid agus smaointeoireacht chórasach, agus iad ag fiosrú gnéithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha an iompair inbhuanaithe. Thar aon rud eile, cuireann an feachtas ar chumas dhaoine óga iad féin a fheiceáil mar ghníomhairí ar féidir leo difear a dhéanamh, atá in ann tionchar a imirt ar chinnteoireacht agus ar féidir leo cur go dearfach leis an bpobal áitiúil agus é a dhéanamh níos inbhuanaithe.

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh go léir ag Coláiste na mBráithre Críostaí, Cill Chainnigh. Tá dearbhán €500 One-For-All chun tacú le tionscadail OFI ar an mbealach chugaibh!

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

# 3. NUA: Rannóg na hÓige

## a. Ar mhaith leat ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar an nGrúpa Stiúrtha ag Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) d'Ardán OFI na nÓg? Tá Léirithe Spéise á lorg againn.

An Roinn Oideachais agus Óige, i gcomhar le ranna comhurraíochta OFI go 2030: Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ag lorg Léirithe Spéise ó dhaoine óga le bheith mar Phointe Comhtheagmhála na hÉireann do Ghrúpa Stiúrtha CENAE d'Ardán OFI na nÓg.

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an ghrúpa: [Téarmaí Tagartha | CENAE]

De réir na dTéarmaí Tagartha, is iad seo a leanas baill Ardán na nÓg:

- Daoine idir 18 agus 30 bliain d'aois, NÓ
- Daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, faoi réir toiliú cuí, NÓ
- Ionadaithe ó eagraíochtaí faoi stiúir na hóige suas go dtí 35 bliain d'aois.

De ghnáth bíonn cruinniú amháin i láthair ar bhonn pearsanta i gceist le hArdán na nÓg in aghaidh na bliana, agus bíonn sé ar siúl de ghnáth i gCeanncheathrú na Náisiún Aontaithe sa Ghinéiv. Íocfaidh an roinn aon chostais taistil agus chothaithe a thabhaítear don chruinniú seo de réir ghnáth-théarmaí agus choinníollacha taistil agus cothaithe na roinne/na Státseirbhíse.

Féadfaidh Comhordaitheoir Ardán na nÓg cruinnithe ar líne a chur ar siúl i rith na bliana, agus braitheann minicíocht na gcruinnithe seo ar chúrsaí a thagann chun cinn. Féadfar cuireadh a thabhairt do bhaill ó am go ham freastal ar Chomhdháil Óige ábhartha, mar shampla, in Éirinn nó lasmuigh d'Éirinn.

Más mian leat go gcuirfear san áireamh thú don ról seo, cuir isteach litir Léirithe Spéise le do thoil. Mar chuid dá léiriú spéise, ba chóir go mbeadh achoimre ar an gcúis a bhfuil tú ag cur isteach ar an bpost seo, cén fáth a mbeifeá oiriúnach don ról seo, agus sonraí faoi aon taithí sa réimse seo a thacódh le d'iarratas. Is féidir leat dhá theistiméireacht ó aon eagraíocht faoi stiúir na hóige nó eagraíochtaí a bhaineann le OFI a raibh baint agat leo a chur isteach mar thaca le do Léiriú Spéise.

Ainmneofar an Pointe Comhtheagmhála ar feadh tréimhse dhá bhliain ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil linn ag ESD@education.gov.ie

Seol do Léiriú Spéise trí r-phost chuig ESD@education.gov.ie faoin dáta dúnta, is é sin **5pm Dé hAoine an 24 Aibreán 2026.**

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## b. Gairm Chun Gnímh an Chéad Ghlúin Eile

Is muidne Estelle Mioni agus Aleksander Sokolski, agus is comhthaighdeoirí óga muid i dtionscadal na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, Gairm Chun Gnímh an Chéad Ghlúin Eile, a dhéanann imscrúdú ar dhearcthaí, eolas agus gníomhartha daoine óga in Éirinn maidir leis an athrú aeráide.

Estelle: Mar mhac léinn síceolaíochta, thug tionscadal NextGen an deis luachmhar dom cur leis an eolas atá againn ar an athrú aeráide trí na modhanna a chuireann an tsíceolaíocht ar fáil. Is é atá i gceist le mo ról mar chomh-thaighdeoir óige ná chun a chinntiú go bhfuil gach céim den phróiseas taighde oiriúnaithe do dhaoine óga, chun a gcuid smaointe agus tuairimí a bhailiú agus tús áite á thabhirt don trédhearcacht agus don mhuinín. Tá an cúnamh uathúil seo a thugann comhthaighdeoirí óga don tionscadal thar a bheith cumhachtach, toisc go gceadaíonn sé dúinn ár n-eolas ar ár n-aoisghrúpa féin agus an t-eolas atá faighte againn go dtí seo inár mbunchéim a úsáid chun dul i ngleic le feiniméan a bhfuil impleachtaí thar a bheith fairsing aige.

Aleksander: Is deis iontach é an tionscadal domsa chun a mhothú gur féidir le mo chonair ghairme tionchar dearfach ceart a bheith aige i dtaca leis an athrú aeráide. Mar gheall ar na hoícheanta gan chodladh ar fad a chaith mé ag obair ar thascanna éagsúla, bíonn sé deacair uaireanta brí a aimsiú agus mé i mbun staidéir. Cuidíonn an rannpháirtíocht luath sa taighde liom tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirfidh mé na scileanna atá á bhfoghlaim agam i bhfeidhm san fhíorshaol. Bhí sé iontach spreagúil an méid daoine óga a fheiceáil atá sásta iad féin a thiomnú ar son gníomhú maidir leis an athrú aeráide tríd an tionscadal seo.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, déan teagmháil le https://sites.google.com/dcu.ie/nextgen/home

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## c. Scoil Dhairbhre – Coiste na Scoile Glaise

Is muidne Seán, Fionn Ellie, agus Ena agus táimid i Rang a 4 agus Rang a 5 i Scoil Dhairbhre. Táimid ag obair go dian ar an athrú aeráide ar scoil i mbliana. Tá naoi mBratach Ghlasa ag coiste na Scoile Glaise, agus táimid ag obair go dian ar an deichiú bratach a fháil, ag díriú ar bhia, saoránacht dhomhanda agus bithéagsúlacht.

Mar gheall ar ár gcuid oibre crua, fuaireamar deontas ó Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe le haghaidh MyGug. Is díleáiteoir anaeróbach é MyGug. Bristear ár mbia a fhágaimid inár ndiaidh ina phíosaí beaga agus tá baictéir istigh sa MyGug chun an bia a ithe mar a d'íosfadh boilg dhaonna é. Táirgeann sé seo ábhair úsáideacha amhail leasachán leachtach agus bithghás, rud a fhágann nach mbíonn aon dramhaíl bia ann. Ag smaoineamh ar an ngeilleagar ciorclach, úsáidimid an leasachán leachtach chun na barra atá á bhfás againn inár leapacha ardaithe a bheathú agus úsáidimid an bithghás chun an citeal a fhiuchadh agus bia a chócaráil i gcistin na scoile! Thugamar 'Eggward' ar ár MyGug!

Tá clár inniúlachta na haeráide ar siúl i Ranganna Trí go dtí a Sé s'againne freisin atá maoinithe go hiomlán ag maoiniú OFI. Go dtí seo, táimid tar éis a fhoghlaim faoin bhfáth ar tharla sé agus cé chomh fada is atá an t-athrú aeráide ar siúl. Tá iniúchadh déanta againn ar bhrí na hinbhuanaitheachta, agus tá oileáin inbhuanaithe deartha againn. San aonad um cheartas aeráide, táimid ag foghlaim faoi Chomhaontú Pháras. Bhaineamar an-sult as an gceacht mearfhaisin faoi thuiscint a fháil ar na fadhbanna a bhaineann le táirgeadh méideanna móra éadaí faiseanta saora agus iad a dhíol ar phraghsanna níos saoire. Ós rud é gur scoil chósta muid, bhí an-suim againn sa mhodúl faoi phlaisteach agus ár n-aigéin. D'fhoghlaimíomar níos mó faoi chineálacha éagsúla plaisteach, phléamar trí bhealach éagsúla a d'fhéadfaí caitheamh le trí bhuidéal phlaisteacha, agus cé na roghanna is fearr don chomhshaol.

Chuidigh an t-aistear seo linn níos mó a fhoghlaim faoin aeráid agus ag an am céanna ár rud beag féin a dhéanamh chun an t-athrú aeráide a fheabhsú agus cabhrú lenár ndomhan a fheabhsú do chách.

**Nóta an Eagarthóra:** Maith sibh go léir i Scoil Dhairbhre agus sibhse ar Choiste na Scoile Glaise - coinnígí oraibh leis an obair mhaith! Tá sé iontach a chloisteáil faoin gcaoi ar úsáid sibh bhur maoiniú OFI chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn i do scoil.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## d. Grúpa Cósta Fhánada & Pobalscoil Loreto Bhaile na nGallóglach

**Buaiteoirí Thionscnamh na nÓg ag Gradaim Laochra an Aigéin 2025 a reáchtáil Cóstaí Glana**

Tá líne bairr láin nua bainte amach ag comhoibriú gníomhaíochta pobail agus foghlama sa seomra ranga i nDún na nGall. Tá ríméad orainn Grúpa Cósta Fhánada a aibhsiú, a bhuaigh, i dteannta le scoláirí i bPobalscoil Loreto Bhaile na nGallóglach, Gradam Thionscnamh na nÓg, ar gradam mór le rá é, le déanaí ag Gradaim Laochra an Aigéin 2025 a reáchtáil Cóstaí Glana i mBaile Átha Cliath.

**An Tionscadal: Na Dumhcha Fairtheora a Athbhunú**



Dhírigh an comhoibriú ar athchóiriú agus cosaint an Trá Bháin, éiceachóras cósta ríthábhachtach atá faoi bhrú ollmhór ó chreimeadh agus gníomhaíocht dhaonna. Seachas fáscadh cósta a phlé amháin, ghlac na scoláirí bearta fisiciúla chun é a mhaolú.

- **Athchóiriú na nDumhcha**: Thug na scoláirí iad féin faoi bhreis is 200 méadar d'fhál nádúrtha a aimsiú agus a mhaoiniú. Cuireadh an fál seo suas go straitéiseach ag cúl na dtránna chun gaineamh a ghabháil agus fás dumhcha a spreagadh.
- **Athphlandú na Muiríneach**: Chun an gaineamh aistreach a dhaingniú, chuaigh na hoibrithe deonacha óga i mbun muiríneach a athphlandú, speiceas dúchasach a bhfuil a chórais fréimhe doimhne mar "ghliú" nádúrtha do na dumhcha.
- **Monatóireacht Fhadtéarmach**: Le bliain anuas, tá monatóireacht sheasta á déanamh ag na scoláirí ar dhul chun cinn an fhálaithe agus ar shláinte an fhásra nuaphlandáilte.

Le déanaí, dhírigh na scoláirí leis an ngrúpa cósta áitiúil a n-aird agus a n-imní ar thrá Phort an tSalainn, áit a bhfuil damáiste suntasach déanta do na dumhcha le titim 6 throigh ar an trá. Tá fál curtha suas ag na scoláirí anseo chun an cosán a chosaint ó thuilleadh damáiste agus caillteanais.



**Tionchar Oideachais: Ó ETIM go Maoirseacht**

Chuir an chomhpháirtíocht le Grúpa Cósta Fhánada “saotharlann bheo” ar fáil do na scoláirí. Trí pháirt a ghlacadh i gceardlanna speisialaithe mara, leathnaíodh an curaclam go dtí an cósta, rud a thug deis do scoláirí torthaí a saothair a fheiceáil láithreach.

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

# 4. Comórtais

## a. Comórtais na Nuachtlitreach OFI Mhí na Nollag – Buaiteoirí

airfield estate

Ba í **Scoil Náisiúnta Bhaile na Coille** i gContae Laoise a bhuaigh **"Cuairt Ranga ar Fheirm Bhán an Aeir"**.

**Nóta an Eagarthóra:** Comhghairdeas, táimid ag súil le cloisteáil faoi do chuairt. Buíochas ó chroí le Feirm Bhán an Aeir as an duais seo a urrú.

Is í **Scoil Náisiúnta Ráth an Tóiteáin** i gCo. Chorcaí buaiteoir **chomórtas SFI 15** in eagrán mhí na Nollag de Nuachtlitir OFI.

Dar le Mol na POS maidir leis na SFInna, cad é céatadán de limistéar talún na hÉireann atá cumhdaithe le Foraois?

a) 4.8% b) 11.6% c) 31.2% d) 63.7%

**Freagra: 11.6%**

Comhghairdeas. Tá dearbhán de €500 don OFI in bhur scoil ar an mbealach chugaibh.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## b. Comórtas Nuachtlitir OFI mhí an Mhárta – SFI 16, Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre

Tá comhbhá agus treoir mhorálta láidir riachtanach do gach sochaí dhaonlathach. Ach fós féin tá géarleanúint, éagóir agus drochíde fós forleathan agus ag cur isteach ar gach cuid den chreatlach shóisialta. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil institiúidí láidre againn, caighdeáin cheartais dhomhanda, agus tiomantas don tsíocháin i ngach áit.




**Ceist:**

**De réir thuarascáil ar dhul chun cinn de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh ar SFI 16 (2023), cad é an Ráta Sástachta le cáilíocht na Seirbhíse Poiblí (2021) don Oideachas (SFI 16.6.2)?**

a. **50% b. 60% c. 70% or d. 80%**

[Dul Chun Cinn Ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16, Éire | Mol Éireann do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe]

Cuir d'fhreagra, d'ainm agus do scoil i r-phost chuig esd@education.gov.ie roimh **Dé Céadaoin an 18 Marta** chun do sheans a dhaingniú dearbhán €500 One For All a bhuachan do thionscadail OFI i do scoil.

Bí cinnte an teideal "Comórtas Nuachtlitir" a chur i do ríomhphost.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## c. Comórtas ar Thuras Ranga – Zú Bhaile Átha Cliath

**Oiliúint Múinteoirí Zú Bhaile Átha Cliath – Cúrsa Samhraidh**

An samhradh seo, tá **Zú Bhaile Átha Cliath** ag tairiscint cúrsa oiliúna speisialta ar phraghas laghdaithe do mhúinteoirí bunscoile: *"Ag Saothrú an Chéad Ghlúin Eile de Chaomhnóirí."*

A bhuíochas le tacaíocht ó mhaoiniú OFI go 2030, tá an cúrsa seachtaine seo maoinithe go páirteach agus dá bhrí sin tá sé ar fáil i mbliana ar ráta laghdaithe. Beidh an cúrsa ar siúl i mí Iúil agus Lúnasa, agus tá sé deartha do mhúinteoirí bunscoile ó Rang a 3 go Rang a 6, agus cuireann sé rannpháirtíocht ghníomhach ar fáil in Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI), agus béim láidir ar oideachas caomhnaithe.

Cuirfidh an cúrsa na scileanna, an t-eolas agus an muinín ar fáil do rannpháirtithe chun bheith in ann ceachtanna a mhúineadh faoin dúlra agus faoin gcaomhnú ina seomraí ranga. Cabhróidh an cúrsa le múinteoirí naisc dhearfacha leis an dúlra a chothú ina seomraí ranga agus a gcuid daltaí a spreagadh i dtreo gníomhartha atá fabhrach don chomhshaol.

Is téarma leathan é Oideachas Caomhnaithe lena n-áirítear:

- Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)
- Oideachas comhshaoil agus bithéagsúlachta
- Oideachas ETIM

I measc na modúl ar an gcúrsa tá Caomhnú, Foghlaim Allamuigh, Athrú Aeráide, Éin a Aithint, Inbhuanaitheacht, Garraíodóireacht Scoile agus Féinmheastóireacht Scoile.

Is féidir le múinteoirí bunscoile tuilleadh eolais a fháil faoin gcúrsa anseo: https://www.dublinzoo.ie/conservation-education/courses-for-teachers/

**Zú Bhaile Átha Cliath - Cuairteanna Scoile**

Cuireann Zú Bhaile Átha Cliath fáilte roimh bhreis is 65,000 foghlaimeoir gach bliain. Tá taithí dhomhain ag a bhFoireann Oideachais Caomhnaithe, atá paiseanta agus taithí acu, ar raon clár bunscoile agus meánscoile a phleanáil agus a sheachadadh atá deartha chun freastal ar riachtanais reatha an churaclaim.

Faigh tuilleadh eolais faoi raon na gclár oideachais atá ar fáil do scoileanna i Zú Bhaile Átha Cliath anseo: Cuairteanna Scoile | Zú Bhaile Átha Cliath

**Comórtas Zú Bhaile Átha Cliath**

Chun ár gcomhoibriú le Zú Bhaile Átha Cliath a cheiliúradh, tá turas ranga saor in aisce againn chuig Zú Bhaile Átha Cliath do bhuaiteoir ádhúil amháin (le húsáid roimh dheireadh 2026). Ní gá duit ach an cheist thíos a fhreagairt:

**Ceist:** Cé chomh sean is atá Zú Bhaile Átha Cliath?

Freagra:

(a) 150 bliain d'aois

(b) 40 bliain d'aois

(c) 194 bliain d'aois nó

(d) 75 bliain d'aois

Seol d'iontráil le sonraí do scoile/ranga go ESD@education.gov.ie roimh **Dé Céadaoin an 18 Marta** chun seans a bheith agat an duais a bhuachan.

Bí cinnte an teideal "Comórtas Zú Bhaile Átha Cliath" a chur i do ríomhphost.

Ar ais chuig barr an leathanaigh

## d. Buaiteoir gradaim OFI ag *Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe* 2026

Bhí **Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe 2026** ar siúl i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ón 8 go dtí an 11 Eanáir. Léirigh breis is 1,000 scoláire ó bhreis is 200 scoil ar fud oileán na hÉireann a gcuid nuálaíochta agus clisteachta. Roghnaíodh 550 tionscadal as 1,974 iontráil le haghaidh imeacht na bliana seo. Phléigh na tionscadail raon leathan topaicí i gcúig chatagóir: Eolaíochtaí Sóisialta agus Iompraíochta, Sláinte agus Folláine, Eolaíochtaí Bitheolaíocha agus Éiceolaíocha, Teicneolaíocht, agus Eolaíochtaí Ceimiceacha, Fisiceacha agus Matamaitice. San iomlán, rinne 550 tionscadal ar an ngearrliosta ionadaíocht ar a scoileanna agus ar a bpobail áitiúla ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe i mí Eanáir 2026.

### Gradam OFI na Roinne Oideachais

Ba í Rea Vinovrski ó Mheánscoil Naomh Mhuire, Mala, Co. Chorcaí, buaiteoir Ghradam Speisialta OFI ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe 2026. Ba é "An Investigation into the Role of Noise in Irish Schools: Impacts on Behaviour, Learning, and Emotional Health in Mainstream and SEN Students" teideal tionscadal Rea. Is féidir leat achoimre ar a tionscadal a léamh thíos.




**Thuas**: Oifigeach na Roinne Oideachais, Karen Murtagh, ag bronnadh Gradam OFI 2025 ar Rea Vinovrski

### An Investigation into the Role of Noise in Irish Schools: Impacts on Behaviour, Learning, and Emotional Health in Mainstream and SEN Students

*Le Rea Vinovrski (Meánscoil Naomh Mhuire, Mala)*

### Réamhrá

Is cuid dosheachanta de shaol na scoile é torann, ach is annamh a chaitear leis mar ábhar imní tromchúiseach oideachais ná sláinte. Aithníonn taighde idirnáisiúnta torann

comhshaoil mar strusaire cognaíoch agus mothúchánach do leanaí agus déagóirí. Scrúdaigh an t-imscrúdú seo fairsinge, nádúr agus tionchar an torainn i meánscoileanna na hÉireann, agus béim ar leith á leagan ar cibé an raibh tionchar níos mó ag scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) orthu ná mar a bhí ag scoláirí príomhshrutha. Ag baint úsáid as suirbhéanna, tomhais oibiachtúla torainn, agus tástáil chognaíoch rialaithe, d'aimsigh mé fianaise shoiléir go mbíonn tionchar diúltach ag torann ar aird, ar rialáil mhothúchánach, agus ar fheidhmíocht foghlama, agus nach dtacaíonn timpeallachtaí scoile reatha le gach foghlaimeoir go cothrom.

**Forbhreathnú ar an Staidéar**

Baineadh úsáid as cur chuige modhanna measctha. Áiríodh leis na sonraí suirbhéanna ó 760 scoláire agus 48 múinteoir, tomhais leibhéal fuaime i roinnt suíomhanna scoile, agus tástáil chognaíoch rialaithe faoi dhálaí fuaime éagsúla. Leis sin, cuireadh ar ár gcumas comparáid a dhéanamh idir torann braite, leibhéil inchloiste torainn, agus torthaí feidhmíochta, agus difríochtaí idir scoláirí príomhshrutha agus scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) orthu a aithint ag an am céanna.

**Príomhthorthaí**

Léirigh torthaí suirbhé gur bacainn choitianta é an torann ar a bheith in ann aird a dhíriú ar rud éigin. Thuairiscigh 43% de na scoláirí go raibh deacrachtaí acu díriú ar rang mar gheall ar thorann sa seomra ranga, agus thuairiscigh 19% go raibh strus nó míchompord orthu mar gheall air. Ba iad fuaimeanna tobanna (cathaoireacha á scríobadh, doirse á bplabadh), comhrá cúlra, agus caint na rudaí ba mhó a chuir isteach ar scoláirí.

Léirigh tomhais torainn go raibh go leor réimsí ag sárú na leibhéil atá molta. Thomhais idir 40 agus 55 dB sa chuid is mó de na seomraí ranga, tomhas os cionn mholadh an EDS de 35 dB le haghaidh foghlama. Shroich ceaintíní 70–80 dB go rialta le buaicphointí os cionn 80 dB. Mhéadaigh na leibhéil sin iarracht éisteachta agus tuirse agus laghdaigh siad aird na scoláirí.

Léirigh tástáil chognaíoch ordlathas soiléir maidir le cur isteach: an fheidhmíocht is fearr i gciúnas, laghdú beag mar gheall ar cheol uirlise, laghdú níos mó mar gheall ar thorann tógála, agus an laghdú is mó mar gheall ar chomhrá fiúntach. Ba é an chaint an cur isteach ba mhó ar fheidhmíocht mar gheall ar iomaíocht ar son acmhainní cuimhne oibre.

Léirigh scoláirí RSO laghduithe feidhmíochta níos mó agus leibhéil struis níos airde i ndálaí torannacha, agus is minic a bhí ró-ualach céadfach orthu. Thuairiscigh múinteoirí tionchair freisin, agus dúirt 58% de mhúinteoirí gur laghdaigh torann fócas na scoláirí agus gur bhraith 73% díobh brú ar a nguth.

**Moltaí agus Cinneadh**

Ba chóir do scoileanna aitheantas a thabhairt do thorann mar fhachtóir a théann i bhfeidhm ar fhoghlaim, ar fholláine agus ar chuimsiú. I measc na bhfeabhsaithe ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas i gceist: dearadh fuaimiúil níos fearr, spásanna ciúine nó spásanna céadfaí, oiliúint feasachta torainn do mhúinteoirí, agus straitéisí laghdaithe torainn sa cheaintín.

Bacainn ar féidir é a thomhas é an torann, a mbíonn tionchar aige ar oideachas cothrom, ní míchaoithiúlacht bheag atá ann. Cuidíonn timpeallachtaí fuaime níos ciúine agus níos intuartha a chruthú le foghlaim, folláine agus cuimsiú a fheabhsú do gach scoláire.



**Thuas** Rea Vinovrski le gradaim ó Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe os comhair a scoile, Meánscoil Naomh Mhuire, Mala

**Nóta an Eagarthóra:** Comhghairdeas le Rea as an mbua iontach!

Reáchtáil an Roinn tráth na gceist ar 'Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe' ag a Seasamh OFI ag imeacht Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta Stripe, agus is í Meánscoil an Teaghlaigh Naofa, Droichead Nua, Co. Chill Dara, buaiteoir an chomórtais seo agus dearbhán One-For-All €500. Comhghairdeas!

[Ar ais chuig barr an leathanaigh]

## e. Comórtas Comhshaolaí Óg

ECO-UNESCO's
Young
Environmentalist
Awards

**Gradaim Comhshaolaí Óg EICEA-EOECNA: Babhtaí Ceannais ECO-Dens 2026 á leathnú**

Tá EICEA-EOECNA i mbun a gClár um Ghradaim Comhshaolaí Óg (GCÓ), a thugann luach saothair agus aitheantas do thionscadail ghníomhaíochta comhshaoil daoine óga ar fud oileán na hÉireann. Iarrann GCÓ ar dhaoine óga idir 10-18 mbliana d'aois saincheisteanna comhshaoil atá tábhachtach dóibh a iniúchadh trí fhoghlaim atá

bunaithe ar fhiosrúchán agus trí ghníomh áitiúil ina bpobail féin. Mar chuid de seo, reáchtáiltear imeachtaí moltóireachta i stíl Dragons' Den a dtugtar ECO-Dens orthu ar fud an oileáin i mí an Mhárta, rud a thugann deis do dhaoine óga a gcuid oibre a chur i láthair painéal moltóirí. I mbliana, tá fás tagtha ar ECO-Dens, agus tá suíomh nua curtha leis an liosta reatha i mBaile Átha Cliath, Ard Mhacha, Corcaigh, Gaillimh agus anois Luimneach! Le breis is 300 tionscadal gníomhaíochta comhshaoil ag glacadh páirt in GCÓ i mbliana, táthar ag súil go mbeidh mí an Mhárta lán fuinnimh, smaointe agus inspioráide!

Buaicphointe GCÓ is ea an Taispeántas Deiridh agus an Searmanas Bronnta i mí Bealtaine, ina mbeidh gearrliosta ó na tionscadail ghníomhaíochta eisceachtúla iomadúla. Tugtar deis do dhaoine óga a nglór a ardú ar a gcúis chomhshaoil roghnaithe, os comhair piaraí, breithiúna agus an phobail i gcoitinne.

Chun tuilleadh a fhoghlaim, téigh chuig yea.ie nó seol ríomhphost chuig myea@ecounesco.ie

Ar ais chuig barr an leathanaigh

# 5. Cláir agus Acmhainní

## a. An tEolas is deireanaí faoin mBithéagsúlacht i Scoileanna

**Cúrsa nua ar líne - Cabhrú leis an dúlra ar scoil**




Is cúrsa nua, saor in aisce, ar líne é 'Cabhrú leis an dúlra ar scoil', atá deartha do mhúinteoirí, do phríomhoidí, d'fheighlithe, do CRSanna, do rúnaithe agus ar ndóigh, do gach duine a bhfuil baint acu leis an bpobal oideachais i ngach bunscoil, iar-bhunscoil, agus réamhscoil na hÉireann.

Ar dhóigh shimplí agus réchúiseach, pléifidh tú leis an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, agus foghlaimeoidh tú céimeanna praiticiúla chun cabhrú léi ar do scoil, á tacú ag comhordaitheoir cúrsa tiomnaithe. Bronnfar deimhnithe digiteacha a luaithe a chuirfear i gcrích é.

Is cúrsa saor in aisce é seo arna fhorbairt a bhuí leis an **gcistiú a sholáthair an Roinn Oideachais agus Óige tríd an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go 2030**.

Chun clárú: https://www.biodiversityinschools.com/online-course-helping-nature-at-school

**Físeáin agus acmhainní inphriontáilte faoin ndúlra don seomra ranga**

Tá an leabharlann is mó d'acmhainní inphriontáilte saor in aisce do scoileanna ag 'An Bhithéagsúlacht i Scoileanna', lena n-áirítear conairí, cluichí agus físeáin. Is í an fhoireann de mhúinteoirí agus d'eolaithe 'Bhithéagsúlacht i Scoileanna' a bhfuil béim ar leith acu ar dhúlra na hÉireann a chruthaíonn iad.

Cruthaíodh an acmhainn sin le cistiú a sholáthair an Roinn Oideachais agus Óige tríd an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go 2030.

Le plé: https://www.biodiversityinschools.com/free-resources

**An Tionscadal Pailneora**

Is ionann an Tionscadal Pailneora agus clár oideachais phailneora is mó na hÉireann a mhaireann go fóill. Oibríonn an tionscadal le scoileanna ar fud na hÉireann chun daoine óga a oiliúint mar ambasadóirí pailneora agus chun cabhrú le bearta atá dearfach i leith beacha a sheachadadh amhail an cruthú cluainte 'do-lomtha'. Go dtí seo, oileadh nach mór 34,000 ambasadóir pailneora. I mbliana, tá spás do 5,000 dalta sa bhreis.

Chun iarratais a chur isteach, téigh chuig:
https://www.biodiversityinschools.com/pollinator-project

## b. Gníomhaíocht an Óige agus Acmhainní i nGaeilge

**Gníomhaíocht an Óige** *á Cleachtadh*: Trí Ghníomhaíochtaí Óige Am Oideachais Dhomhanda, tá an deis ag daltaí dul ó fhoghlaim faoi shaincheisteanna domhanda ar aghaidh sa saol mór chun bearta fónta a dhéanamh de réir briathair. Nasctha go díreach le hAonaid Mhúinte agus Fhoghlama AOD maidir le hImirce, le Neamhionannais Idirnáisiúnta agus leis an Athrú Aeráide, cabhraíonn na himeachtaí sin le daoine óga smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá, agus saoránacht ghníomhach a fhorbairt trí thionscadail chruthaitheacha, dhalta-stiúrtha.






Mar chuid de ghníomhaíocht óige le déanaí, ghlac daltaí ó Choláiste Pobail Ros Comáin páirt i gceardlann fhaisin ghasta agus thug siad cuairt ar shiopa carthanais Chomhpháirtíocht leis an Aifric i mBaile Átha Luain. Tugadh aird ar an gcuairt ar an gcaoi a laghdaítear dramhaíl le héadaí ar athlámh a cheannach agus a gcuirtear dúshlán roimh fhaisean gasta agus a dtacaítear le tionscadail CA san Aetóip agus san Tansáin.

### Acmhainní i nGaeilge

Tá áthas orainn a roinnt go bhfuil ár ndoiciméid phríomhchoincheapa agus bileoga oibre dár n-aonaid teagaisc agus foghlama ar fáil anois i nGaeilge anseo:




Aonad Teagaisc agus Foghlama Imirce




Éagothroimí Idirnáisiúnta – Aonad Teagaisc agus Foghlama




[An tAthrú Aeráide – Aonad Teagaisc agus Foghlama]

Tá bileoga oibre samplacha ó gach aonad faoi iamh, agus tá nasc soiléir eatarthu go léir le torthaí foghlama Stair, Tíreolaíocht agus OSSP na Sraithe Sóisearaí. Tá naisc thraschuraclaim fhiúntacha ann freisin le Staidéar Gnó, Eacnamaíocht Bhaile agus Oideachas Eitice, agus bheidís oiriúnach le húsáid i modúil na hIdirbhliana. D'aistrigh múinteoir iar-bhunscoile go cúramach iad lena chinntiú go bhfuil an teanga inrochtana, aoisoiriúnach agus praiticiúil le húsáid sa seomra ranga.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Am Oideachais Dhomhanda téigh chuig: AOD Éireann.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, déan teagmháil le: get@apa.ie

Ar ais chuig barr

## c. Acmhainn SLí nua – Ceannaireacht ar son na hAeráide a Chruthú do bhunscoileanna, Treoirleabhar do mhúinteoirí




D'fhorbair SLí Phort Láirge, ENR Oideachais Shaoránachta Domhanda a fheidhmíonn in oirdheisceart na hÉireann, Acmhainn OFI nua do mhúinteoirí bunscoile. Is mar thoradh ar phiarchlár foghlama agus múinte a rinneadh in 2024, agus **a cistíodh le scéim OFI go 2030 na Roinne Oideachais**, í an acmhainn sin.

Mar thoradh ar an gclár seo d'fhoghlaim daltaí bunscoile ceardlann den téama OFI a sheachadadh dá leathbhádóirí ní b'óige. Áirítear san acmhainn réamhrá ginearálta ar OFI (le ceardlann a ghabhann léi), agus mioncheachtanna ar an ábhar ina dhiaidh sin a chumhdaíonn 5 thopaic a bhfuil suim ag daltaí bunscoile iontu: faisean gasta, uisce, plaistic, slabhraí soláthair bhia agus dramhaíl bhia. Críochnaíonn gach gníomhaíocht ábhair le gníomhaíocht gur féidir le daltaí a dhéanamh ar scoil, sa bhaile nó laistigh de do phobal.

Tá Ceannaireacht ar son na hAeráide a Chruthú do Dhaltaí Bunscoile ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin SLí: https://sliwaterford.ie/resources/building-climate-leadership-for-primary-students

Ar ais chuig barr

## d. Scoil Shaoránachta Domhanda

**Ceacht Amháin a Roinnt - Seomraí Ranga a Spreagadh ar fud na hÉireann**

Tá fáilte roimh mhúinteoirí a bheith gníomhach sa Scoil Shaoránachta Domhanda chun páirt a ghlacadh i *gCeacht Amháin a Roinnt* — deis do chuid smaointe, do chruthaitheacht, agus do thionchar ar an seomra ranga a thaispeáint trí gan ach **plean ceachta amháin atá dírithe ar SFI** a chur lenár suíomh gréasáin a sheolfar an athuair go gairid. Foilseofar ceachtanna roghnaithe inár rannóg thiomnaithe de Phleananna Ceachta SFI, chun mol acmhainne praiticiúil atá á stiúradh ag múinteoirí a chruthú do scoileanna ar fud na hÉireann.

Trí cheacht simplí amháin a roinnt, is féidir leat cabhrú le do chomh-oidí beocht a chur sna 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe dá ndaltaí. Is féidir le do chur chuige, do ghníomhaíochtaí, agus do léargais plé, smaointeoireacht chriticiúil, agus fíorghníomhaíocht a spreagadh i bhfad lastall de do sheomra ranga féin. Is le múinteoirí ag tacú le múinteoirí agus le daltaí ag foghlaim trí dhea-chleachtas coiteann a bhaineann sé seo.

Mar aitheantas ar do chuid oibre, bronnfaimid **100 dearbhán One-for-All ar luach de €50** ar mhúinteoirí a roghnófar le foilsiú na ceachtanna a chuir siad isteach. (Ní bhronnfar dearbháin ach le haghaidh ceachtanna a fhoilseofar.) Úsáidimid formáid cheachta shimplí agus shoiléir **ANSEO** ionas go mbeidh aighneacht ghasta agus shimplí, agus féadfar ceachtanna a roghnófar a aistriú go Béarla freisin chun a gcuid inrochtaineachta a leathnú.

Ina theannta sin, beidh gach ceacht a chuirfear isteach **incháilithe le háireamh sa chuairt atá beartaithe againn ar Áras an Uachtaráin sa téarma scoile deireanach**, áit a bhféadfar aird a tharraingt ar shaothar rannpháirtíoch le linn ár gcruinne le hUachtarán Catherine Connolly. (Dáta le deimhniú).

Cibé acu más tionscadal-bunaithe, plé-treoraithe, gníomhaíocht-dhírithe, nó cruthaitheach é do cheacht — ba bhreá linn é a fháil. Cliceáil ANSEO chun d'aighneacht a chur isteach.

**Nóta an Eagarthóra:** Tacaítear leis an tionscadal seo le **Cistiú OFI go 2030 d'Eagraíochtaí 2025**.

Ar ais chuig barr

## e. Campaí Samhraidh ÉICEA-UNESCO

conserving the environment
eco
UNESCO
empowering young people

**Cláraigh Anois le Campaí Samhraidh ÉiCEA-EOECNA i Mí Iúil 2026: ÉICEA-Thaiscéalaithe agus Déagóirí Glasa**

Tá ÉICEA-EOECNA ag óstáil bliain amháin eile de champaí samhraidh! Dearadh Campaí na nDéagóirí Glasa agus na nÉICEA-Thaiscéalaithe chun tacú le forbairt phearsanta dhaoine óga trí ghníomhaíocht choirp, trí foghlaim faoin ndúlra agus trí dhul i mbun smaointeoireachta comhshaoil. Pléifidh rannpháirtithe le saincheisteanna comhshaoil ar dhóigh spraíúil agus chruthaitheach, rachaidh siad ar thuras lae timpeall Bhaile Átha Cliath, buailfidh siad le daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu leo, agus gnóthóidh siad muinín agus scileanna nua.

Bíonn na campaí á reáchtáil ag ÉICEA-EOECNA, eagraíocht óige agus oideachais chomhshaoil na hÉireann, a bhfuil breis agus 30 bliain de thaithí aici ag obair le leanaí agus le daoine óga ag tarraingt aird ar fheasacht ar an gcomhshaol ar dhóigh atá spraíúil idirghníomhach, agus chruthaitheach. Tá an fhoireann ÉICEA-EOECNA lánchàilithe i ngach réimse oideachais an chomhshaoil agus tá ríméad orthu fáilte a chur roimh dhaoine óga isteach i saol taiscéalaíochta an chomhshaoil!

Glactar anois le Clárúcháin do na dátaí seo a leanas:

**ÉICEA-Thaiscéalaithe:**

Dé Luain an 15 Meitheamh – Dé hAoine an 19 Meitheamh, 10:00-15:00

Dé Luain an 6 Iúil – Dé hAoine an 10 Iúil, 10:00-15:00

**Déagóirí Glasa:**

Dé Luain an 1 Meitheamh – Dé hAoine an 5 Meitheamh, 10:00-15:00

Dé Luain an 27 Iúil – Dé hAoine an 31 Iúil, 10:00-15:00

Tá an nasc chuig an bhfoirm le líonadh ar ár suíomh gréasáin: **ÉICEA-Campaí - ÉICEA-EOECNA**

Ar ais chuig barr

## f. Gradaim Ár nDomhain

**Cuairteoir Speisialta as Mósaimbíc!**

Bhí ríméad orainn le déanaí fáilte a chur roimh Paula Ferro ón Tionscadal Cróiseála Yao isteach chuig dhá bhunscoil i gCorcaigh — 3ú rang ag S.N. Oideachas le Chéile Charraig Uí Leighin agus 6ú rang ag Gaelscoil Mhichíl Uí Choileáin, Cloich na Coillte.

Agus í ar cuairt, labhair Paula le daltaí faoina cuid oibre leis an bPobal Yao i Mósaimbíc, ag tabhairt léargas réadúil ar an gceartas domhanda, ar shlite beatha inbhuanaithe agus ar fhorbairt phobal-stiúrtha. Is cuid de na hacmhainní *Ghradam Ár nDomhain* do rang a 3–6 ((https://ourworldawards.ie/)) é an Tionscadal Cróiseála Yao, atá ina chás-staidéar spéisiúil a thacaíonn le teagasc agus le foghlaim ar fud OSPS, Tíreolaíocht, agus Oideachas Comhshaoil agus Eolaíoch agus Sóisialta, (OCES).



*1 Paula Ferro ó Thionscadal Cróiseála ar cuairt ar scoileanna i gCorcaigh*

Le tacaíocht Cúnamh Éireann d'fhorbair an pobal Yao sa Tearmann Niassa scileanna praiticiúla a chuireann ar a gcumas ioncam a thuilleamh, a ngeilleagar áitiúil a neartú

agus traidisiúnta cultúrtha a chaomhnú. D'fhoghlaim daltaí faoin tslí gur féidir le tionchar dearfach agus marthanach a bheith ag rochtain ar scileanna, ar oideachas agus ar dheiseanna córa ar phobail ar fud an domhain.

Bhí deis ag daltaí le linn na cuairte ceisteanna a chur, ceangail a aithint idir a saolta féin agus atá ag leanaí i Mósaimbíc, agus an tuiscint atá acu ar an saoránacht dhomhanda a neartú. Léiríodh le linn na seisiún do mhúinteoirí an tslí gur féidir na hacmhainní *Ghradam Ár nDomhain* a úsáid chun beocht a chur san oideachas forbartha ar dhóigh fhónta atá oiriúnach ó thaobh aoise de sa seomra ranga.

**Cuir tús leis:**

- Cláraigh le haghaidh d'irisleabhar saor in aisce: ourworldawards.ie/register
- Déan plé le hacmhainní: ourworldawards.ie/teacher-zone
- Cuir obair na ndaltaí isteach: ourworldawards.ie/take-part

**Is é an dáta deireadh le haghaidh iarratas ná Dé Luain an 23 Márta 2026.**

Go raibh maith agat as leanúint de Shaoránaigh Dhomhanda a spreagadh i do sheomra ranga!

Ar ais chuig barr

## g. Oideachas ar son na hInbhuanaitheachta



**Lá Spreagúil dóibh siúd a Dhéanfaidh Athrú sa Todhchaí ag Ollscoil Mháigh Nuad**

Mar chuid de Chlár Discover Thaighde Éireann, reáchtáil Oideachas ar son na hInbhuanaitheachta lá suaitheanta dá thionscadail CLOuD le déanaí ag Ollscoil Mhaigh Nuad. Breathnaigh ar an bhfíseán chun spléachadh a fháil ar an lá!

Is tionscadal for-rochtana agus rannpháirtíochta é CLOuD - Éagsúlacht Ionchuimsithe For-Rochtana Litearthachta Comhshaoil - a stiúrann ár mBainisteoir Abhcóideachta, Hilary McNamara agus Comhordaitheoir Tionscadail, Tarren Leigh Agnew-Skalska é, ag tabhairt oideachas litearthachta comhshaoil go díreach chuig scoileanna DEIS Bhaile Átha Cliath. Tá breis agus 100 dalta rannpháirteach sa chlár, ag comh-chruthú réitigh aeráide i gcomhar lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe, ag cothú fonn gníomhaithe agus ag gabháil saincheisteanna áitiúla a bhaineann leis an aeráid chucu féin. Trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail fhoghlama agus phobail bunaithe sa seomra ranga agus trí phlé a dhéanamh leis an inbhuanaitheacht ina saolta laethúla, tá scrúdú

a dhéanamh ag na daltaí ar na ceangail atá idir ceartas aeráide, an inbhuanaitheacht, agus saoránacht dhomhanda.




Ba dheis é an turas sin chuig Ollscoil Mhaigh Nuad do na daltaí sin tuilleadh a fhoghlaim faoi roghanna ar thríú leibhéal agus cloisteáil ó chainteoirí spreagúla An tOll. Katriona O' Sullivan, Stiúrthóir an Ionaid Thaighde Náisiúnta d'Ardoideachas agus An tOll. Jennie C. Stephens, Ollamh an Cheartais Aeráide ag an Ionad Taighde Aeráide ICARUS. Mar chlabhsúr an lae, bhain daltaí sult as seisiún ióga agus as siúlóid bhithéagsúlachta tríd an gcampas le foireann an Champais Ghlais.

Léigh tuilleadh faoin tionscadal ar shuíomh gréasáin Oideachas ar son na hInbhuanaitheachta agus lean iad ar na meáin shóisialta, @educ4sustain.

Ar ais chuig barr

## h. An tAonad Athaimsithe – Tacar digiteach ETIM/ OFI!

REDISCOVERY CENTRE

An bhfuil roinnt acmhainní nua de dhíth ort do do leabharlann? Bí cinnte súil a chaitheamh ar Thacar Digiteach saor in aisce do Mhúinteoirí Scoileanna Inbhuanaithe an Aonaid Athaimsithe.

Idir chathracha fuinnimh ghlais a dhearadh agus na haigéin a ghlanadh, tá an tacar seo lán go béal le gníomhaíochtaí iontacha, teagmhála chun daltaí a mhealladh i dtreo na ETIM agus na hinbhuanaitheachta!

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, úsáid an nasc seo a leanas: https://www.rediscoverycentre.ie/learn/sustainable-schools-digital-toolkit-for-teachers/

Ar ais chuig barr

## i. Acmhainní Leabharlanna na hÉireann

Tá i bhfad níos mó ar fáil do scoileanna i do leabharlann áitiúil ná leabhair agus ábhair thacaíochta curaclaim! Buail isteach i do leabharlann áitiúil le haghaidh faisnéis ar aon cheann de na hearraí seo a leanas a fháil ar iasacht – saor in aisce!

- Bosca Iasachta – rLeabhair agus rChlosleabhair
- Uirlisí ceoil a thabhairt ar iasacht
- Fearais Eolaíochta na Saoránach – Brathadóirí Ialtóga, Líontáin, Treoirleabhair Allamuigh
- Cluichí – fearais shúgartha taobh amuigh, Boules, Cluichí Cláir, Puzail, Míreanna Mearaí
- Imeachtaí malartaithe éadaí amhail oíche Shamhna, Geansaí na Nollag, cótaí Geimhridh agus Debs fiú!
- Foireann ranga – ÚFIÉ, S.O.S Aeráide agus aon teideal eile is gá leat.
- Síolta.

Tá liosta de leabhair léimh a bhaineann le SFI ag Leabharlanna Éireann do gach aois: Liosta Léitheoireachta SFI | Leabharlanna Éireann




Caith súil ar an moladh seo dóibh siúd atá idir 8 mbliana agus 12 bhliain d'aois a chumhdaíonn SFIanna 4, 13 agus 15.

*Song of the River* le Gill Lewis. Foilsitheoir Barrington Stoke. 2022.

Faraor, is eachtra chuí í seo a bhaineann le hÉirinn sa lá atá inniu ann! Is leabhar é seo atá oiriúnach dóibh siúd a bhfuil disléicse orthu, áit a ndéantar cur síos ar scéal Chari agus a máthar agus iad ag seasamh an fhóid chun a mbaile agus mbealach beatha a tharrtháil i gcoinne uiscí tuilte atá ag ardú.

Is féidir le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile leas a bhaint as an gCárta Múinteora lena ligtear duit suas le 30 earra a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse níos faide.

Ba cheart dul go dtí do leabharlann áitiúil agus a fheiceáil cad é atá acu!

Ar ais chuig barr

## j. Caoga Imir níos Glaise

Anois is féidir le scoileanna iar-bhunscoileanna teacht ar **Thodhchaí níos Glaise a Chruthú**, clár oideachais inbhuanaitheachta lán-chistithe á thacú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin. Ar fáil ar fud na tíre go dtí mí na Bealtaine 2026, cuirtear eolas comhshaoil bhunriachtanach agus scileanna glasa todhchaí-dírithe ar fáil do dhaltaí mar chuid den tionscadal seo.

Á sheachadadh trí ardán ar líne, cuireann an clár físcheachtanna, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, agus acmhainní réidh-le-húsáid ar fáil do mhúinteoirí, ní gá le saineolas comhshaoil roimhe seo. Áirítear le buntéamaí an t-athrú aeráide, caomhnú uisce, bainistiú dramhaíola, fuinneamh, an bhithéagsúlacht, sláinte na n-aigéan, ceartas aeráide, agus gairmeacha glasa. Measctar i ngach ceacht 40–60 nóiméad teagasc le gníomhaíochtaí teagmhála a spreagann daltaí dul i mbun gníomhaithe aeráide phraiticiúil ina saolta laethúla.

A bhuí le lánchistiú ón mBord, tá rannpháirtíocht saor in aisce agus í ar fáil ar dtús dóibh siúd is túisce a chuireann isteach uirthi, ag cinntiú rochtain chothrom do scoileanna, cinn thuaithe agus uirbeacha araon ar fud na hÉireann. Baintear leis sin bacainní airgeadais agus tacaítear le hiarrachtaí náisiúnta leis tuiscint ar an gcomhshaol a fhorbairt i measc daoine óga.

Scileanna Glasa—tá inniúlachtaí a éascaíonn cleachtais inbhuanaithe san obair agus sa tsochaí, ag éirí níos tábhachtaí de réir agus a aistríonn Éire chuig geilleagar íseal-charbóin. Táthar ag súil go bhforbrófar go gasta earnálacha amhail an earnáil fhuinnimh, tógála, iompair, agus earnáil an fháilteachais. Tá luathbhlaiseadh ina chabhair le daltaí córais chomhshaoil a thuiscint, dul in oiriúint do róil oibre atá ag teacht chun cinn, agus nuálaíocht a spreagadh amach anseo.

Tá an clár ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear straitéis na Scileanna Glasa SOLAS 2030, lena leagtar béim ar an inbhuanaitheacht a dhaingniú i ngach gné den oideachas.

Le Todhchaí níos Glaise a Chruthú, cuirtear bealach fónta ar fáil do scoileanna chun tacú le cuspóirí aeráide, le daltaí a chumasú, agus le lucht saothair na hÉireann amach anseo a ullmhú. Is féidir le scoileanna clárú trí theagmháil a dhéanamh le info@fiftyshadesgreener.ie nó trí chuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an chláir https://www.fiftyshadesgreener.ie/schools-programme

Ar ais chuig barr

## k. Ar Muir agus ar Tír

Tá neart faisnéis úsáideach ar fáil sa shuíomh gréasáin http://ByLandAndSea.ie a bhaineann le taisteal ar muir agus ar tír chuig agus ó Éirinn.

Arbh eol duit go bhfuil paisinéir amháin ar eitilt fhillte Bhaile Átha Cliath-Pháras freagrach as truailliú aeráide ar ionann é agus tuismitheoir a mhaireann 7.5km ó scoil a thiomáineann carr chuig agus ar ais ó scoil faoi dhó i ngach lá scoile ar feadh na bliana ar fad (167 lá)?

Ach dá ndéanfadh an paisinéir sin an turas sin go Páras agus ar ais agus iad ar bhád farantóireachta agus ar traein, ní bheadh ansin sin ach 12 lá de na turais scoile chéanna? *

Is féidir tionchar mór a bheith ag do scoil trí roghnú fanacht in Éirinn do thurais scoile in ionad turas scoile a bhfuil eitilt mar chuid díobh. Tá go leor turas scoile iontacha agus spraíúla ar féidir a dul orthu ar oileán na hÉireann. Nó más gá dul ar thuras scoile thar lear, le haghaidh mhalartú cultúrtha mar shampla, is féidir le do scoil taisteal ar muir agus ar tír a fhiosrú! Is taithí ar leith é taisteal ar an gcaoi sin do dhaltaí a fheiceann na háiteanna a bhfuil siad ag taisteal tríothu, agus a bhaineann sult as an turas!

An mbeidh do scoil mar chuid den Ghluaiseacht Thaistil Mhall?

* Áirimh

| | | | |
|---|---|---|---|
| One return flight Dublin Paris per passenger | 639,000 | g CO2 eq | https://lowtrip.fr/ |
| Emissions of a typical car, per km | 127.6 | g CO2 | https://www.eea.europa.eu/highlights/average-co2-emissions-from-new-cars-vans-2019 |
| Number of kms of car travel equivalent to the Dublin Paris flight | 5,008 | km | |
| Number of school days in secondary school | 167 | days | |
| Number of kms of car travel per day | 30 | km | |
| How far child lives from school (round trip morning and afternoon - divide by 4) | 7.5 | km | |
| | | | |
| | | | |
| One return trip Dublin Paris by ferry and train, per passenger | 46,000 | g CO2 eq | https://lowtrip.fr/ |
| Ferry&train emissions for Dublin Paris as % of flight emissions for Dublin Paris | 7% | | |
| Ferry&train trip in terms of number of school days by car | 12 | days | |

Ar ais chuig barr

## I. COGG: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Scoláirí ar Inis Mór agus ar Oileán Reachlainn ag Comhoibriú ar Thodhchaí Inbhuanaithe na nOileán**



Tá Scoil Eoin Pól II ar Inis Mór agus St Mary's Primary School ar Oileán Reachlainn páirteach sa togra trasteorann Oileáin Chliste: Níos faide ná na Droichid (Smart Islands: Beyond the Bridges); togra a chuireann daltaí oileánda i gcroílár na heolaíochta, na hinbhuanaitheachta agus na nuálaíochta. Tríd an togra, beidh na daltaí ag fiosrú dúshláin áitiúla agus ag forbairt smaointe chun todhchaí níos inbhuanaithe a shamhlú dá bpobail féin.

Thosaigh an togra ar Oileán Reachlainn; áit ar ghlac daltaí agus baill den phobal páirt i ngníomhaíochtaí praiticiúla ag úsáid LEGO chun smaointe a roinnt faoi shaol an oileáin san am a chuaigh thart agus chun réitigh don todhchaí a shamhlú. Léirigh an taithí sin an luach a bhaineann le comhoibriú, le cruthaitheacht agus le meas a léiriú ar eolas áitiúil.



Ag tógáil ar an taithí sin, glacfaidh daltaí ó Scoil Eoin Pól II ar Inis Mór páirt i sraith ceardlanna idirghníomhacha ina n-úsáidfidh siad LEGO mar uirlis smaointeoireachta agus cumarsáide ar an Mháirt, an 3 Márta. Sa seisiún "Future Casting", oibreoidh siad le chéile chun réitigh a dhearadh a bhaineann le hinbhuanaitheacht, leis an gcomhshaol agus le cáighdeán saoil an oileáin. Déanfaidh na daltaí machnamh freisin ar na smaointe a fhorbróidh siad agus ar na chéad chéimeanna eile den tionscadal.



Ag deireadh na scoilbhliana, tiocfaidh na daltaí ón dá oileán le chéile do Lá Foghlama Roinnte, áit a roinnfidh siad a gcuid taithí, a gcuid foghlama agus na réitigh a d'fhorbair siad le chéile. Tá an tionscadal á chur i gcrích i gcomhpháirt le AMBER (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) COGG, Ollscoil Uladh agus AIB Trinity Climate Hub and Co-Centre for Climate, Biodiversity and Water, agus léiríonn sé conas is féidir le ETIM daoine óga a chumhachtú

chun todhchaí inbhuanaithe a shamhlú atá bunaithe ar áit, ar phobal agus ar chomhoibriú.

**Scoláirí Inis Mór & Oileán Reachlainn ag comhoibriú ar thodhchaí inbhuanaithe!**

Thug Tríona Nic Fhinn, Oifigeach STEM COGG, cuairt an-rathúil ar Inis Mór Dé Máirt seo caite, in éineacht le comhghleacaithe ó na heagraíochtaí eile a bhí páirteach sa tionscadal.

Tá naisc le fáil chuig roinnt postálacha, i nGaeilge agus i mBéarla araon, lena n-áirítear an príomhghné ar *Cúla 4* a craoladh inné.

https://www.instagram.com/p/DVgnjbXDryq/ (postáil Cúla 4 i nGaeilge ó COGG) agus https://www.linkedin.com/feed/update/urn:li:activity:7435611974513836032/ (Eolas faoin tionscadal i mBéarla)

Ar ais chuig barr

# 6. Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí/ FGL

## a. Ciorclán maidir le hAisíoc na dTáillí le Múinteoirí Nua

D'fhoilsigh An Roinn Oideachais agus Óige Ciorclán 003/2026 le déanaí: Scéim Aisíoca na dTáillí le Múinteoirí 2025. [https://www.gov.ie/en/department-of-education/circulars/teacher-fee-refund-scheme-2025/](https://www.gov.ie/en/department-of-education/circulars/teacher-fee-refund-scheme-2025/)

Is é an cuspóir atá le Scéim Aisíoca na dTáillí le Múinteoirí ná chun aisíoc páirteach a sholáthar i leith na gcostas a bhaineann le táillí cúrsa agus le táillí scrúdaithe nuair a chríochnófar go rathúil cúrsa/í gairmfhoghlama múinteoirí. I gcás a bhfuil fad an chúrsa níos faide ná bliain amháin, soláthrófar cistiú nuair a chríochnófar go rathúil gach bliain den chúrsa.

Tá múinteoirí bunscoile nó iar-bhunscoile atá i mbun seirbhíse faoi láthair, atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta, a fhaigheann íocaíocht ón stát agus atá fostaithe i mbunscoil nó in iar-bhunscoil atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Óige, i dteideal cur isteach ar chistiú faoin scéim, amhail is atá múinteoirí lánchláraithe atá ar iasacht laistigh d'earnáil an oideachais.

Chun tús áite a thabhairt do ghairmfhoghlaim mhúinteoirí i réimsí atá nasctha go soiléir le foghlaim, le teagasc agus le measúnacht, leithdháiltear 80% de chistiú do chláir ábhartha i gcomhréir le tosaíochtaí beartais agus le tionscnaimh churaclaim arna n-aithint ag an roinn **lena n-áirítear an oideachas i réimse na hinbhuanaitheachta.**

Ar ais chuig barr

## b. Oide - OFI agus Ceannaireacht

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Mar chuid den tsraith ghairmfhoghlama Spreagadh de chuid Oide, a reáchtáladh ó Dé Luain an 23 go Dé hAoine an 27 de mhí Feabhra, chuir ceannaireacht Oide imeacht ghairmfhoghlama (IGF) ar fáil do cheannairí iar-bhunscoile - OFI agus Ceannaireacht: Céad Chéimeanna i dTreo Meoin na hInbhuanaitheachta. Ba cheardlann idirghníomhach nuashonruithe í sin lena n-áiríodh ionchur ó Claire Matthews, Príomhoide Iar-bhunscoile Oideachas le Chéile Theach na Giúise; Patrick Kirwan bunaitheoir Gréasáin Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann, agus Aonghusa Fahy, Comhordaitheoir na hInbhuanaitheachta i gColáiste an Chláirín, BOOGRC.

Cuireadh ar fáil leis an gceardlann sin, a bhí ar fáil cheanna féin, léargais úra chun plé a dhéanamh ar an gcaoi gur féidir le hOideachas na Forbartha Inbhuanaithe (OFI) cleachtas na ceannaireachta, cultúr scoile, agus taithí na ndaltaí a mhúnlú ar dhóigh fhónta.

Trí naisc bheartais, trí shamplaí praiticiúla, trí shiúlóidí foghlama agus trí chuspóirí a leagan síos go comhoibríoch, rinne rannpháirtithe a machnamh ar an tionchar atá acu, gnáthaimh scoile laethúla a scrúdú trí lionsa na hinbhuanaitheachta, agus céimeanna gur féidir a chur chun feidhme a aithint chun smaointeoireacht inbhuanaithe a dhaingniú ar fud an champais, an churaclaim agus an phobail.

Dearadh an cheardlann chun freastal ar réimse taithí a bhaineann le OFI a stiúradh i scoileanna i measc na ndaoine a d’fhreastail uirthi. B’í aidhm an tseisiúin ná spreagadh agus tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil do cheannairí scoile gur mian leo todhchaí níos inbhuanaithe a stiúradh dá scoil. Tá ábhair ghairmfhoghlama ón gceardlann sin ar fáil ag [www.oide.ie](http://www.oide.ie).

[Ar ais chuig barr](#)

## c. Oide ag Spreagadh an Athraithe: Turas scoile amháin le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta

Is ó Mary O'Connell agus ó Lauren Garraway an píosa seo, agus an bheirt a acu i mbun múinteoireachta in Iar-bhunscoil Loreto, Baile Brigín. Sa phíosa seo déanann siad cur síos ar a dtaithí ar ghairmfhoghlaim Oide agus ar an gcaoi a thacaíonn sí le foghlaim agus le teagasc an ábhair Ardteistiméireachta Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe.




“Is mó an tionchar atá ag teagasc an Ghníomhaithe ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe nuair a chuirtear an ghairmfhoghlaim chun feidhme ar dhóigh fhónta sa seomra ranga. Tar éis taithí ghairmfhoghlama dhá lá le déanaí, bhíomar toiliúil maidir lena príomhthéamaí a dhaingniú inár gceachtanna GAFI.


Spreagadh sinn leis an IGF chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi gur féidir plé a dhéanamh ar choincheapa amhail Ceartas/Éagóir Aeráide, Céim Shóisialta agus Cumhacht, agus Athruithe Córa ar bhealaí atá ábhartha agus mealltach do dhaltaí.

I ngníomhaíocht amháin sa seomra ranga a léiríodh go tréan an cur chuige sin inti, bhí daltaí bainteach le hoibriú ar fhíorchásanna a bhí dírithe ar an Éagóir Aeráide. I ngrúpaí beaga, rinne daltaí anailís ar an gcaoi a bhfuil tionchar as cuimse ag an athrú aeráide ar phobail agus ar thíortha áirithe, go mór mór san Domhan Theas amhail i bPoblacht

Dhaonlathach an Chongó. Le béim ar bhunchúiseanna leis an Éagóir Aeráide, trí phlé agus taighde faoi threoir, rinne daltaí an éagóra scrúdú ar an gcaoi a mhúnlaíonn struchtúir chumhachta stairiúla agus chomhaimseartha na neamhionannais sin agus na bunchúiseanna atá leo. Ansin chruthaigh siad fótaspreagthaigh de láimh nó trí uirlisí digiteacha a úsáid chun a gcuid oibre a léiriú.



Céim Shóisialta agus Cumhacht




Éagóir Aeráide



Éagothroime

Thóg daltaí ar an mbunchloch sin trí phlé a dhéanamh ar smaoineamh an aistrithe chóir, agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi gur féidir le gníomhú ar son na haeráide a bheith cóir agus ionchuimsitheach. Rinne siad díospóireacht faoin gcaoi gur féidir leis an saol mór astaíochtaí a laghdú agus oibrithe, pobail agus iad siúd is leochailí roimh an athrú a chosaint ag an am céanna. Spreagadh an smaointeoireacht chriticiúil, comhoibriú agus comhbhá leis an tasc sin, chomh maith le spás a sholáthar do dhaltaí mórinsintí a bhaineann le réitigh aeráide a cheistiú.

Thugamar faoi deara go bhfuil muinín na ndaltaí ag méadú ó thaobh saincheisteanna domhanda a bhaineann leis an aeráid a nascadh le ceisteanna a bhaineann le ceartas, le cothroime agus le freagracht, agus ó thaobh iad féin ag aithint mar rannpháirtithe atá ar an eolas i ndáil le todhchaí níos inbhuanaithe a mhúnlú.”

Ar ais chuig barr

## d. ÉICEA-EOECNA

**ÉICEA-EOECNA ag Cur Cúrsa Leibhéal 5 DCCÉ Creidiúnaithe san Fhorbairt Inbhuanaithe ar fáil**

Tá an cúrsa DCCÉ Leibhéal 5 san Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid ÉICEA-EOECNA ar oscailt le clárú leis anois! Is mar chuid de chlár Oiliúna agus Oideachais ÉICEA-

EOECNA atá DCCÉ-creidiúnaithe é an cúrsa sin, lena gcuirtear cúrsaí iomadúla ar fáil atá dírithe ar dhaoine óga a ullmhú leis na scileanna agus leis an eolas chun bheith ina gceannairí gníomhacha i gcúiseanna an chomhshaoil. Cuirtear ar fáil leis an gcúrsa Leibhéal 5 san Fhorbairt Inbhuanaithe an deis do 25 rannphháirtí foghlaim faoin gcaoi a fheidhmíonn an inbhuanaitheacht sa chleachtas, ag maireachtáil ar feadh 12 sheachtain agus ag tosú i mí Aibreáin 2026. Déanann rannpháirtithe topaicí amhail an t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht, pobail inbhuanaithe, eacnamaíocht, earnáil na talmhaíochta, tomhaltachas agus an tionchar atá mar thoradh leis ar an bpláinéid a scrúdú.

Pléitear sa chúrsa le príomhthéama san Fhorbairt Inbhuanaithe trí dhíospóireacht, trí iniúchadh, trí anailís, agus trí phleanáil. A luaithe a chuirfear i gcrích é, bronnfar 15 creidiúint DCCÉ ar rannpháirtithe lenar féidir cur le Mórghradam Leibhéal 5, ag tacú le dul chun cinn sa bhreisoideachas, sa bhreisoiliúint nó i róil atá dírithe ar an inbhuanaitheacht.

Dúnfar clárúchán an 27 Márta 2026. Chun foghlaim faoi incháilitheacht agus faoi phraghsáil an chúrsa, déan teagmháil, le do thoil, le training@ecounesco.ie!

Ar ais chuig barr

## e. Gréasán Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann

**Séasúr Nua in Oideachas an Dúlra**

Tá Gréasán Inbhuanaitheachta de Scoileanna na hÉireann (GISÉ) agus páirtithe tar éis dóibh críoch a chur le ceiliúradh míosa ar 'Shéasúr Nua in Oideachas an Dúlra', chun múinteoirí ar fud na tíre a spreagadh chun dul isteach i nGluaiseacht is againn darb ainm Blúiríní Bithéagsúlachta. D'fhás pobal na mBlúiríní ó 300 rannphháirtí cláraithe go dtí breis agus 550.

Cumhdaíodh i Séasúr an Earraigh an Cruidín, an Dreoilín, an Eala, an Plúirín Sneachta, Luachair agus Bradán an Atlantaigh i mBlúiríní sonraí. Bhuaigh ceithre scoil a raibh an t-ádh orthu duaiseanna chomh maith.

Bhí dhá imeacht idirghníomhach mar chuid den fheachtas freisin.

1) Blúirín Speisialta dár gCupán Comhrá (28 Eanáir) a bhfuil Natalie O'Neill, Orla Kelly agus Catherine Cleary ag labhairt go lasrach faoin mbithéagsúlacht. Thug

siad gach duine ar thuras ó dhaille phlanda agus fhoraoise a thuiscint go dtí múinteoirí agus daltaí teagmhálacha a bhíonn ag breathnú trí lionsa an dúlra agus ag foghlaim trí bharra a méaraí!

2) Plé Painéil a bhfuil Ella McSweeney ina cathaoirleach air: "Scoileanna Ceannaireachta do Thodhchaí Acmhainneach. An Fáth go bhfuil Oideachas an Dúlra Tábhachtach Anois" i dteannta ceannairí oideachais sinsearacha: Dr Orla Condren, Rachel O Connor, Dr. Pauline Egan, Miriam Hurley agus Denis Leamy. Is mór an difir an dhéantar le cloisteáil ó cheannairí dá leithéid atá ionraic agus macánta agus iad ag admháil an tsaoil mar atá agus cad is gá tarlú.

Is comhshaothar idir Gréasán Inbhuanaitheachta Scoileanna na hÉireann, Ionaid Tacaíochta Oideachais Éireann, An Bhithéagsúlacht i Scoileanna agus Scoileanna Glas í Blúiríní Bithéagsúlachta. Rinneadh an tionscadal a éascú freisin le **Cistiú d'Eagraíochtaí OFI to 2030**.

Bíonn Blúiríní Bithéagsúlachta ar siúl gach Luan le linn tréimhse an téarma 4-4.15pm ar feadh gan ach 15 nóiméad. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Bhlúiríní téigh chuig ár suíomh gréasáin agus bí linn, le do thoil, chun ár nuachtlitir choicísiúil a fháil.

Táimid ag súil le go leanfaidh Blúiríní Bithéagsúlachta de scaipeadh ar fud na tíre.




Ar ais chuig barr

# 7. Scéalta Breisoideachais agus Ardoideachais

## a. Scéatla agus Nuashonruithe ón ÚAO

Sheol an tÚdarás Ardoideachas (ÚAO) Cnuasach an OFI ag imeacht Ceiliúrtha na Sraithe Spotsholais OFI in Acadamh Ríoga na hÉireann ar an 21 Samhain: https://pressbooks.oer.ie/hea-esd-spotlight-series-case-studies-compendium/

Rinneadh 'Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe san Ardoideachas in Éirinn: Tuarascáil ar Thírdhreach' a sheoladh ina dhiaidh seo, i mí Eanáir 2026: https://hub.teachingandlearning.ie/wp-content/uploads/2026/01/hea-esd-higher-education-ireland-landscape-report.pdf

Tá comhairliúchán oscailte ag an ÚAO freisin maidir le forbairt Chreatlaí Aibíochta OFI d'earnáil an ardoideachais, atá ar oscailt go dtí an 13 Feabhra: https://hub.teachingandlearning.ie/education-for-sustainable-development/education-for-sustainable-development-esd-maturity-framework-for-higher-education/

Beidh Cúrsa Oscailte an Fhóraim Náisiúnta ÚAO 'Oideachas ar son na hInbhuanaitheachta' á reáchtáil arís ón 12 Feabhra, le clárúcháin ag https://opencourses.ie/opencourse/education-for-sustainability/

Ar ais chuig barr

## b. OT Bhaile Átha Cliatha - Céad Chomhdháil Náisiúnta na Mac Léinn um Thaighde ar an Inbhuanaitheacht

Beidh OT Bhaile Átha Cliath ag óstáil Céad Chomhdhála Náisiúnta na Mac Léinn um Thaighde ar an Inbhuanaitheacht ag OT Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin ar an 31 Márta. Ag an gcomhdháil, a bheidh saor in aisce, cuirfear fáilte roimh ionchur ó mhic léinn fhochéime agus iarchéime atá ag obair ar thionscadail, i ngrúpaí nó ina n-aonair, atá dírithe ar aon cheann de na 17 SFI. Is féidir le hobair atá ar siúl/agus le

gníomhaíochtaí nó le cás-staidéir a théann i ngleic le haon ghné de na SFIanna a bheith i gceist.
I dteannta cuir i láthair na mac léinn beidh painéal plé maidir leis an téama 'Aislingí Todhchaí inbhuanaithe'. Díreofar le linn an tráthnóna ar cheardlanna ar cheartas agus ar ghníomhachas na haeráide agus ar eacnamaíocht an taoschnó agus ar fhaisnéis faoi ghairmeacha san Inbhuanaitheacht.

Is é seo an chéad cheann d'imeacht a bheidh ina imeacht bliantúil do mhic léinn a bheidh ag bogadh idir IAOanna ó bhliain go bliain.

Beidh an chomhdháil ina deis do mhic léinn cur i láthair roimh lucht féachana tacúil agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceardlainne gurb é téama na hinbhuanaitheachta atá leo.

**Tá sonraí clárúcháin anseo**: https://www.tudublin.ie/explore/about-the-university/sustainability/about/news-and-events/register-now-all-ireland-student-sustainability-research-conference-2026.php

Tacaíonn an ÚAO leis an gcomhdháil agus tá tacaíocht aicí ó IAOanna ar fud na tíre.

Is féidir ceist ar bith faoin gcomhdháil a chur chuig ken.boyle@tudublin.ie.

## c. STAND

STAND
Together for better

**Fóram Náisiúnta Suaitheantais Dhigitigh agus OSD**

Tá STAND ag comhoibriú le comhghleacaithe ag Ollscoil Mhaigh Nuad, ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ag Coláiste Mhuire gan Smál chun Cúrsa Oscailte Nua Fhóram Náisiúnta an ÚAO ar *Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) a Dhaingniú san Ardoideachas*, a sheolfar i mí Aibreáin 2026. Tacófar leis an gcúrsa leis an bhfoireann acadúil agus ghairmiúil chun an ceartas domhanda, an inbhuanaitheacht agus an ionchuimsiú a chomhtháthú ar fud teagaisc agus cleachtais idirnáisiúnta.

**Chun tuilleadh eolais a fháil:** https://stand.ie/whats/stand-joining-development-global-citizenship-education-gce-open-course





**Lastuas** Fótagraif ón imeacht seolta suaitheantais dhigitigh STAND i mí Eanáir 2026

Táimid ag seoladh freisin céad chruinniú an **Fhóraim Ardoideachais d’Oideachas Saoránachta Domhanda** ar an 11 Márta 2026 (11–12.30pm), spás comhoibríoch nua dóibh siúd atá ag cur OSD chun cinn ar fud an ardoideachais. **Chun bheith páirteach ann:** https://stand.ie/whats/save-date-first-meeting-global-citizenship-education-higher-education-forum

**DEFY: Ag Obair le hEolas Deacair**

I mí Eanáir sheol, STAND agus páirtithe *DEFY: Ceardlann Phóca agus Taispeántas*, gur cuid de thionscadal Erasmus+ trí bliana í a thacaíonn le hoidí dul i ngleic le saincheisteanna domhanda deacra. Beidh seimineár ar líne, *DEFY: Críoch an Scéil?* ar siúl ar an 18 Márta (12–1pm). **Cláraigh leis:** https://docs.google.com/forms/d/e/1FAIpQLSc1kpFaL_eE15Ex8Tt8j52GKgMH_FowUobPL6FbrUsSbP5-Hg/viewform

**Tá Ideas Collective ag Méadú**

Tá Dianchampaí Meithleacha na Smaointe ag leathnú go Corcaigh agus go Gaillimh in 2026, in éineacht le Baile Átha Cliath. Is éard tá ar fáil sa chlár nuálaíochta sóisialta cúig lá seo ná smaointeoireacht dheartha, sainmheantóireacht agus suas le €1,000 de shíolchistiú, le dul chun cinn i ngorlann naoi mí.




**Lastuas** Rannpháirtithe ag taispeántas Mheithleacha na Smaointe STAND

**Chun tuilleadh a fháil amach:** stand.ie/what-we-do/ideas-collective

**Cúrsaí ar Shaincheisteanna Domhanda**

Beidh ár gCúrsaí sé-seachtaine éadan le héadan ar Shaincheisteanna Domhanda ag filleadh san Earrach i gCorcaigh agus i nGaillimh, ag déanamh plé ar cheartas aeráide, ar éagothroime, ar dhíchoilíniú agus ar tuilleadh. Gheobhaidh rannpháirtithe teastas dá CV agus dá gcuntas LinkedIn. **Chun tuilleadh a fháil amach:** stand.ie/what-we-do/global-issues-courses

Ar ais chuig barr

# 8. Nuashonruithe Idirnáisiúnta

## a. Coimisiún Eorpach – Meitheal na Scoileanna maidir le Foghlaim ar son na hInbhuanaitheachta

European Commission

Tharla cruinniú deireanach Mheitheal an AE do Scoileanna maidir le Foghlaim ar son na hInbhuanaitheachta i mí na Nollag, 2025. Tá Tuarascáil Dheireanach na Meithle ar fáil anois: Foghlaim ar son na hInbhuanaitheachta i Scoileanna na hEorpa - Oifig Fhoilseachán an AE. Tá réimse faisnéise agus acmhainní ar fáil freisin, lena n-áirítear bileoga eolais ar réimsí amhail cur chuige Uile-scoile, rannpháirtíocht na mac léinn, foghlaim amuigh faoin aer agus éici-imní, atá go léir ar fáil ar an suíomh gréasáin: Foghlaim ar son na hInbhuanaitheachta - GrúpaíEAC - Wiki Phoiblí an CE

Ina theannta sin, seoladh cúrsa ar líne saor in aisce féin-luais freisin a n-áirítear ann samplaí agus cás-staidéir iomadúla ón meitheal. Áirítear sa chúrsa módúil ar:

- chur chuige uile-scoile
- inniúlachtaí na hinbhuanaitheachta
- teagasc, foghlaim agus measúnacht
- rannpháirtíocht agus gníomhú na mac léinn,
- forbairt acmhainne múinteoirí.

Áirítear sa chúrsa sainfhíseáin, samplaí de thionscnaimh Eorpacha agus cleachtaí machnamhacha maidir le léargais a chur chun feidhme i do chomhthéacs féin. Is féidir teacht ar an gcúrsa anseo: academy.europa.eu/courses/leading-sustainability-in-school-education

Ar ais chuig barr

## b. Gradam na Seapáine EOECNA maidir le hOideachas ar son na Forbartha Inbhuanaithe

Ar an 20 Samhain, b'údar bróid do EOECNA é searmanas bronnta do Ghradam na Seapáine EOECNA 2025 maidir le hOideachas ar son na Forbartha Inbhuanaithe (OFI) a óstáil ag a gCeanncheathrú i bPáras. Uair amháin eile, tugadh aird in eagrán na bliana seo ar chumhacht chlaochlaitheach an oideachais ó thaobh sochaí atá níos inbhuanaithe, níos acmhainní, agus níos ionchuimsithí a chruthú.

Bronnadh gradaim ar bhuaiteoirí 2025 as tionscadail ó Bheinin, ón mBrasaíl, agus ó Phanama. Roghnaíodh na buaiteoirí ó 120 ainmniúchán ó bhallstáit de EOECNA, agus is éard a léirítear leo ná comhthéacsanna agus cur chuige éagsúla ó thaobh an oideachais de. Léirítear i ngach cheann acu cumhacht chlaochlaitheach an oideachais sa tsochaí agus an ról atá aige in acmhainneacht a neartú ó thaobh na haeráide. Ba iad na buaiteoirí:

- The Culture at the Heart of Development (CACD-NGO) (Benin): Oidhreacht na Foraoise agus Acmhainneacht Aeráide a Caomhnú.
- Instituto Akatu – Edukatu (An Bhrasaíl): Smaointeoireacht úr ar an tomhaltas trí ardán oideachasúil.
- Fundación Pro Eco Azuero (Panama) – Spider Monkey School Initiative: Athfhoraoisiú agus oideachas an chomhshaoil óige-stiúrtha.

Tarraingítear aird leis an Duais ar an ról criticiúil a bhaineann le OFI mar ghné lárnach de Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 maidir le hOideachas, agus mar eochairáisitheoir de gach 17 SFI. Tá sé beartaithe go n-eiseofar an chéad ghairm eile ar ainmniúcháin in 2027. Foghlaim tuilleadh faoin Duais agus fúthu siúd a bhuaigh í ag: https://www.unesco.org/en/prizes/education-sustainable-development.

Á chistiú ag Rialtas na Seapáine, bunaíodh Gradam na Seapáine EOECNA maidir le OFI in 2014 agus bronntar í gach dara bliain. Gheobhaidh gach tionscadail rathúla in 2025 gradam ar luach de US$ 50,000. Spreagadh cleachtais thar na bearta in OFI leis an nGradam agus cuireadh go mór le scaipeadh OFI ar fud na cruinne mar gheall air. Go dtí seo, bronnadh gradaim ar 21 tionscadal agus clár OFI ón mBotsuáin, ón mBrasaíl, ó Chamarún, ón nGearmáin, ó Ghána, ó Ghuatamala, ón tSalvadóir, ón Eastóin, ón Indinéis, ón tSeapáin, ón Iordáin, ón Namaib, Stáit na Palaistíne, ó Pheiriú, ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, agus ón tSiombáib.

Ar ais chuig barr

## c. COP30: Lorgaíonn EOECNA beart práinneach chun dlús a chur le scoileanna glasa

Roimh COP30, léiríodh le sonraí EOECNA gur ghlac 96,000 scoil i 93 tír leis na cleachtais ghlasa arna moladh ag Comhpháirtíocht Ghlasaithe an Oideachais (CGO).

Is tionscnamh domhanda í an CGO seolta ag EOECNA chun tacú le tíortha córais oideachais a athrú agus chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus le dúshláin níos leithne a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Is í an aidhm atá léi ná a chinntiú go bhfuil ról lárnach ag an oideachas ó thaobh acmhainneacht aeráide a fhorbairt, forbairt

inbhuanaithe a chur chun cinn, agus foghlaimeoirí a chumasú chun gníomhú ar son an chomhshaoil ar dhóigh fhónta.

Tógadh creatlach na CGO ar cheithre chrann taca:

1. **Scoileanna Glasaithe** – Scoileanna a athrú ina dtimpeallachtaí inbhuanaithe atá acmhainneach i gcoinne na haeráide.
2. **Curaclam Glasaithe** – An inbhuanaitheacht agus oideachas an chomhshaoil a dhaingniú ar fud ábhar.
3. **Oiliúint Ghlasaithe do Mhúinteoirí agus Toilleadh na gCóras Oideachais** – Ag cinntiú go bhfuil sé ar chumas oidí an inbhuanaitheacht a mhúineadh.
4. **Pobail Ghlasaithe** – Pobail níos leithne a mhealladh chun gníomhú ar son na haeráide trí oideachas.

Dírítear le crann taca 1 go sonrach ar tacú le scoileanna glacadh le cur chuige uile-scoile i leith na hinbhuanaitheachta ag comhtháthú gníomhaíocht chomhshaoil isteach i rialachas, i saoráidí, sa teagasc agus san fhoghlaim, agus i rannpháirtíocht an phobail.

Léigh tuilleadh: COP30: Glaonn EOECNA ar bheart práinneach chun dlús a chur le scoileanna glasa

Ar ais chuig barr

# 9. Scéala Eile

## a. Trí Ghníomh Simplí – SFI 16 – Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre




- **Feidhmigh Do Cheart chun Vótáil agus chun Oifigigh a Choinneáil Freagrach**
- **Cuir an Ionchuimsitheacht chun Cinn agus i gCoinne an Leithcheala**
- **Tacaigh le hEagraíochtaí a Oibríonn ar son na Síochána agus Cearta an Duine**

Faigh acmhainní SFI do scoileanna anseo: An Ceacht is Mó ar Domhan

Ar ais chuig barr

## b. Tá Cuspóir Chrann Taca 1, "Scoileanna Glasaithe", Chomhpháirtíocht an Oideachais Ghlasaithe de chuid EOECNA bainte amach ag Éirinn trí Chláir na nGlas-scoileanna agus an Ghlaschampais de chuid An Taisce

Green-Schools
An Taisce

In Éirinn, bíonn An Taisce ag gníomhú mar an oibritheoir náisiúnta do chláir BOO, le *cuspóir Chrann Taca 1* Chomhpháirtíocht an Oideachais Ghlasaithe (COG) de chuid EOECNA bainte amach go rathúil cheana ag cláir na nGlas-Scoileanna agus an Ghlas-Champai. Tarraingítear aird leis an garsprioc suntasach sin ar cheannaireacht sheanbhunaithe an chláir in oideachas a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an inbhuanaitheacht.

Tá 3,548 bunscoil agus iar-bhunscoil in Éirinn atá cláraithe agus gníomhach le clár na nGlas-Scoileanna ar fud na tíre, arbh ionann iad agus beagnach 90 faoin gcéad de gach scoil sa tír. Bronnadh Bratach Ghlas amháin ar a laghad cheanna ar 3,395 de na scoileanna sin. Ina theannta sin, tá 60 campas tríú leibhéal, lena n-áirítear Institiúidí

Ardoideachais, suíomhanna Breisoideachais, Ospidéil Teagaisc, agus suíomhanna Oiliúna Múinteora ar fud na hÉireann, gníomhach sa chlár Glas-Champais, agus Bratach Ghlas amháin ara laghad bronnta ar 24 acu go dtí seo.

Tá BOO ar cheann de na heagraíochtaí oideachais chomhshaoil is mó ar domhan, ag feidhmiú i mbreis agus 80 tír. Seachadann sí cláir a aithnítear iad go hidirnáisiúnta lena n-áirítear:

- Éicea-Scoileanna
- Éicea-Champas
- Bratach Ghorm
- Eochair Ghlas
- Tuairisceoirí Óga ar son an Chomhshaoil
- Foghlaim faoi Éiceachórais agus faoi Choillte (FÉACH)

Trí na cláir sin, cuireann BOO feasacht ar an gcomhshaoil, ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus ar thuiscint ar an aeráid chun cinn ar scála domhanda. Léirítear leis an gcomhghuaillíocht atá idir na cláir, BOO agus Comhpháirtíocht Oideachais Ghlasaithe EOECNA, ní hamháin go bhfuil Éire rannpháirteach in iarrachtaí oideachais a bhaineann le hinbhuanaitheacht domhanda, ach go bhfuil sí ar thús cadhnaíochta i dtaca leo freisin.

Trína modheolaíocht Sheacht-gCéim a aithnítear go hidirnáisiúnta, bíonn scoileanna ag:

- Bunú Coiste na nGlas-Scoileanna le ceannaireacht láidir na ndaltaí
- Déanamh athbhreithnithe chomhshaoil ar thopaicí téamacha
- Forbairt pleananna gníomhaíochta agus iad á gcur chun feidhme
- Déanamh faireachán agus measúnú ar dhul chun cinn
- Comhtháthú na hinbhuanaitheachta isteach i bhfoghlaim an churaclaim
- Dul i mbun plé leis an bpobal i gcoitinne
- Cruthú cód glas nó cairt ghlas

Tá an chreatlach uile-scoile seo ailínithe go díreach le cuspóirí Chrann Taca 1 na COG ag cruthú timpeallachtaí foghlama atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chomh maith le saoránacht ghníomhach agus gníomhú ar son na haeráide a chothú.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an dá chlár, téigh chuig

- www.greenschoolsireland.org
- https://www.greencampusireland.org

Ar ais chuig barr

## c. Innéacs maidir le Dul Chun Cinn Inbhuanaithe 2026 - Ceartas Sóisialta Éireann

Le 30 bhliain anuas, tá Ceartas Sóisialta Éireann ag cur tuarascálacha i láthair lena ndéantar dul chun cinn na hÉireann a thomhas ó thaobh baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe de.

Dar le tuarascáil 2026 a foilsíodh le déanaí, rangaítear Éire sa 7ú háit i measc 14 tír inchomparáide de chuid an AE san Innéacs maidir le Dul Chun Cinn Inbhuanaithe, arna choimisiúnú ag Ceartas Sóisialta Éireann. Déantar an t-innéacs de thrí ghné: an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol. Rangaítear Éire i lár na 14 tír ar innéacs an gheilleagair sa 6ú háit, agus ábhairín níos airde ar an innéacs sóisialta sa 5ú háit. Ar innéacs an chomhshaoil, níl ag éirí go maith le hÉirinn, bhain sí an 13ú háit amach. Is iad na 14 Tír de chuid an AE ná: An Ostair, An Bheilg, An Danmhairg, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, Éire, An Iodáil, Lucsamburg, Na hÍsiltír, An Phortaingéil, An Spáinn agus an tSualainn. Roghnaigh Ceartas Sóisialta Éireann na tíortha sin toisc go bhfuil siad i Limistéar an Euro agus go bhfuil siad in oiriúint do chaighdeáin an Aontais Eorpaigh. Creideann Ceartas Sóisialta Éireann gur ionann an chomparáid seo agus tagarmharc úsáideach lena léirítear cad é atá bainte amach ag tíortha atá cosúil lena chéile.

Léigh an tuarascáil ina hiomlán anseo: [Innéacs maidir le Dul Chun Cinn Inbhuanaithe 2026 - Ceartas Sóisialta Éireann]

Ar ais chuig barr

---

**Tá súil againn gur bhain tú taitneamh as an eagrán seo de Nuachtlitir OFI na roinne a léamh. Más mian leat é a fháil go díreach i do bhosca isteach gach ráithe, cláraigh don liosta scaipeacháin!**